



Seandálaíocht Phobail
Shléibhte Bhaile Átha Cliath
Dublin Mountains
Community Archaeology

Sléibhte Séadchomhartha Bhaile Átha Cliath

Pleananna Ceachta



Achoimre

Tá na ceachtanna seo deartha chun tacú le teagasc faisnéise faoi chruthú agus faoi sheandálaíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath do dhaltai bunscoile sinsearacha. Is féidir na ceachtanna a mhúineadh ina n-aonar nó i mbloic agus iad a chur le leabhrán Séadchomharthaí Sléibhte Bhaile Átha Cliath ([ar fáil anseo](#)) agus [StoryMap \(as bearla\) ar féidir teacht air anseo](#).

Tá na pleananna ceachta seo mar thoradh ar Thionscadal Seandálaíochta Pobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath 2023, tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta. Tá sé á sheachadadh ag Abarta Heritage agus ABH Teo.

Ceacht a hAon

Cruthú na Sléibhte

Acmhainní

[Leabhrán Séadchomharthaí Bhaile Átha Cliath leathanaigh 10-14](#)

[StoryMap Idirghníomhach Sléibhte Séadchomharthaí Bhaile Átha Cliath](#)

Forbhreathnú ar an gCeacht

Tá an ceacht seo deartha chun doimhneacht ama agus cruthú Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chur in aithne do na páistí. Foghlaimeoidh na páistí faoi aois na sléibhte i gcomparáid le himeachtaí móra eile, ar nós éag na dineasáir.

Réamhrá

- Tabhair isteach pionnaí sreangán agus éadaí agus priontáil cártaí mórimeachtaí don amlíne téad chun a léiriú cé chomh fada agus a théann Sléibhte Bhaile Átha Cliath siar in am.
- Tabhair isteach samplaí de charraigeacha dríodair (aolchloch), de bhruthcharraig (eibhir) agus de charraigeacha meiteamorfacha (siosta).

Corp Ceachta

- Iarr ar na daltaí a thomhas cén aois iad na sléibhte. An bhfuil siad níos sine ná daoine? An bhfuil siad níos sine ná na dineasáir? An bhfuil siad níos sine ná Sí an Bhrú?
- Iarr ar na páistí seasamh suas agus an téad sreang a tharraingt, ansin iarr orthu príomhimeachtaí a chur leis ag baint úsáide as cártaí agus pionnaí.

- Déan plé ar conas a foirmíodh na sléibhte (féach ar leathanach a 13 de leabhrán Séadchomhartha Bhaile Átha Cliath agus [an StoryMap](#)).

Taispeáin na cineálacha carraigeacha atá na sléibhte déanta as do na daltaí.

- Iarr ar na daltaí a léiriú cá bhfuil siad ina gcónaí ar leathanach a 12 de leabhrán Séadchomhartha Bhaile Átha Cliath chun an cineál geolaíochta ina gceantar a fheiceáil.

Acmhainní Breise

Fad an tsreangáin

Is féidir fad na téide a shocraigh de réir mhéid do sheomra ranga agus líon na ndaltaí atá agat. Ba cheart go mbeadh na cártaí '21ú haois' agus 'Sléibhte Bhaile Átha Cliath' ar gach taobh den téad. Ba cheart go mbeadh an cárta 'd'éabhlóidigh na dineasáir' thart ar leath bealaigh feadh na téide seo. Tomhais an fad idir an 'cárta 21ú haois' agus an d'éabhlóidigh na dineasáir' cárta. Ba cheart don chárta 'd'éirigh na dineasáir as feidhm' a bheith aon trian den achar ón gcárta '21ú haois'. Ba cheart go mbeadh an dá chárta dheireanacha faoi 'éabhlóid dhaonna' agus 'an oighearaois dheireanach' in aice leis an gcárta '21ú haois'.

Tá na dátaí a liostaítear thíos bunaithe ar thaighde reatha ach is féidir go n-athrófar iad de réir mar a thagann teoiricí agus fianaise nua chun solais. D'fhéadfaí cártaí eile ina bhfuil imeachtaí ar nós tógáil Shí an Bhrú (thart ar 5,500 bliain ó shin) a chur leis an amlíne freisin.

21ú Aois
An Lae Inniu

73,000 – 10,000 Bliain ó
Shin
An Oighearaois
Deireanach

200,000 Bliain ó Shin
Éabhlóidíonn Homo
sapiens san Afraic

65 Milliún Bliain ó Shin
Tagann Deireadh le
Aimsir na nDineasáir

250 Milliún Bliain ó Shin
Éabhlóidíonn na
Dineasáir

500 Milliún Bliain ó Shin
Cruthaíodh Sléibhte
Bhaile Átha Cliath

Ceacht a 2

Amlíne Shléibhte Bhaile Átha Cliath

Acmhainní

- [Leabhrán Séadchomharthaí Bhaile Átha Cliath leathanaigh 10-49.](#)
- [StoryMap Sléibhte Séadchomharthaí Bhaile Átha Cliath](#)

Forbhreathnú ar an gCeacht

- Tá an ceacht seo deartha chun cuid de na príomhshuíomhanna seandálaíochta i Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chur in aithne do na páistí. Léireoidh sé an chaoi ar athraigh an dúlra agus an tsochaí le himeacht ama.

Réamhrá an Cheachta

- Sula dtosaíonn tú, priontáil amlíne Shléibhte Séadchomhartha Bhaile Átha Cliath (leathanaigh 10 & 11)

Corp Ceachta

- Breathnaigh ar [StoryMap Sléibhte Séadchomhartha Bhaile Átha Cliath](#)
- Fiafraigh ar na daltaí ar fhreastal siad ar aon cheann de na suíomhanna seo agus cur síos ar a dtaithí a dhéanamh.
- Iarr ar na páistí cén ré is mó ar mhaith leo cónaí ann agus scéal a scríobh fúthu ag taisteal ar ais in am. Cad a d'fheicfidís? Cad a dhéanfaidís?

Gníomhaíocht le Cois

- Tabhair cuairt ar Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht chun déantáin a bhaineann le na réanna seo a fheiceáil.
- Tabhair cuairt ar chuid de na suíomhanna atá inrochtana go héasca i Sléibhte Bhaile Átha Cliath ar nós an Club Thine Ifrinn.

Ceacht a 3

Tuamaí Meigiliteacha i Sléibhte Bhaile Átha Cliath

Acmhainní

- [Leabhrán Séadchomharthaí Bhaile Átha Cliath leathanaigh 16-20](#)
- [Físeáin Seandálaíochta Shléibhte Bhaile Átha Cliath](#)

Forbhreathnú ar an gCeacht

- Tá an ceacht seo deartha chun cuid de na príomhshuíomhanna seandálaíochta meigiliteacha i Sléibhte Bhaile Átha Cliath a chur in aithne do pháistí.
- Léireoidh an ceacht seo conas ar oibrigh an phobail le chéile chun na séadchomharthaí ollmhóra seo a chruthú atá ina oidhreacht chumhachtach ar an tírdhreach.
- Tabharfaidh sé deis freisin do pháistí smaoineamh ar conas a mhair na séadchomharthaí chomh fada sin agus conas is féidir linn cabhrú leo maireachtáil do na glúnta atá le teacht má iompraíomar muid féin mar fheighlí.

Réamhrá an Cheachta

- Tabhair isteach na hacmhainní atá ag teastáil do dhaltaí chun tuama ursanacha a tharraingt agus an líníocht a ghreamú ina gcóipleabhair.
- Tóg mála plúir, tráidire, gaineamh agus clocha beaga leat.

Corp Ceachta

- Féach ar fhíseán Séadchomharthaí Meigiliteacha Bhaile Átha Cliath ar shuíomh Gréasáin Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath anseo: <https://www.dublinmountains.ie/archaeology/archaeology/>
- Fiafraigh de na daltaí an raibh siad ag aon cheann de na suíomhanna seo agus le cur síos a dhéanamh ar a n-eispéiris.
- Iarr ar na daltaí an mála plúir (2kg) a ardú agus mínigh conas a d'fhéadfadh an leac mhullaigh i Sliabh Véineas a bheith thart ar 22,000 uair an meáchan sin.
- Léigh an cur síos ar thuama ursanacha do na mic léinn a ghabhann leis seo agus féach an féidir leo an suíomh a tharraingt bunaithe ar do chuid focail.
- Cé go bhfuil an chuid is mó den rang ag obair air seo, d'fhéadfadh grúpaí beaga do pháistí a thosú ag déanamh tuama 3D ag baint úsáide as marla nó le clocha i dtráidire gainimh.

Conas tuama a thógáil

Líon tráidire le taobhanna arda nó bosca lóin le gaineamh (nó plúr); feidhmeoidh sé seo mar thalamh agus mar bhunsraith chun na clocha a chobhsú. Tá an rogha ag mic léinn tuama ursanacha a thógáil cosúil leis an gceann a tharraing siad (beidh cloch mhór leata ag teastáil chun feidhmiú mar chloch chothrom, dhá chloch dhronuilleogacha ar chomhmhéid le feidhmiú mar chlocha ursanacha agus roinnt clocha níos lú do chúlchlocha an tuama). Nó is féidir leo bailiúchán de chlocha níos lú a úsáid chun an radharc ón aer nó plean de Thuama Dingeach Bhaile Éamainn Duibh a athchruthú (íomhá thíos) atá le fáil thíos agus ar leathanach 17 den leabhrán *Séadchomharthaí Séadchomharthaí Bhaile Átha Cliath*.

Cabhraíonn an cleachtadh seo le mic léinn tuiscint a fháil ar conas a rinneadh na tuamaí i 3T. Léireoidh sé freisin cé chomh deacair is a bhí sé tógáil gan stroighin, cé chomh dian is a bheadh sé clocha móra a bhogadh gan áiseanna meicniúla agus cé chomh hiontach is atá sé go bhfuil na tuamaí fós ina seasamh inniu.

Gníomhaíocht le Cois

- Tabhair cuairt ar Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht chun rudaí a fheiceáil a bhaineann leis na daoine Neoiliteacha agus a gcuid séadchomharthaí meigiliteacha.
- Tabhair cuairt ar chuid de na meigilite atá inrochtana go héasca i Sléibhte Bhaile Átha Cliath mar thuama dingeacha Bhaile Éamainn Duibh (íomhá thíos).

Gníomhaíocht Phlé & Líníochta

Tá tú i do chónaí i Sléibhte Bhaile Átha Cliath sa tréimhse Neoiliteach. Fuair seandúine de do phobal bás, agus éilíonn do taoiseach go dtógfá tuama ursanach dá taisí. Sular féidir leat é a dhéanamh, ní mór duit é a tharraingt.

Deireann an taoiseach go dteastaíonn dhá chloch arda, dronuilleogach ar airde comhchosúil uait. Caithfear iad seo a chur sa talamh go hingearach ar gach taobh den bhealach isteach. Is féidir clocha níos giorra a chur díreach taobh thiar de na clocha seo. Caithfidh an chloch is giorra a bheith ar chúl. Ansin, ní mór cloch mhór dronuilleogach ar a dtugtar leac mhullaigh a chur ar bharr. Caithfidh sé luí go cothrománach ar an dá chloch iontrála agus ar an gcloch chúl ghearr, ag cruthú díon.

Anois, tarraing na daoine go léir a thógfadh sé chun séadchomhartha chomh suntasach a thógáil. Níl aon clogad oibre acu ar mhaithe le sábháilteacht, gan ach fionnadh ainmhithe agus éadaí olla. Níl acu ach uirlisí cloiche mar thuanna, casúir agus sceana, gan aon tochtaltóirí nó meascthoir stroighne!

Déan cinnte an breocharn nó an tine ollmhór a tharraingt, áit a mbeidh an tsochraid ar siúl agus lucht na sochraide timpeall air.

Má tá deacracht ag na mic léinn na thuamaí ursanacha a shamhlú, is féidir leat íomhánna de thuamaí ursanacha a thaispeáint dóibh ag Cnocán

Véineas, Baile Átha Cliath, Cnoc an Ghallaigh, Co. Phort Láirge agus Poll na mBrón, Co. an Chláir.



Cromleac Chnocán Véineas, Co. BÁC



Poll na Brón, Co. an Chláir



Cnoc an Ghallaigh, Co. Phort Láirge



Baile Éamainn Duibh, Co. BÁC

Ceacht a 4

An Stair a Chosaint – IS FÉIDIR LIOM difríocht a dhéanamh!

Acmhainní

- [Leabhrán Séadchomhartha Bhaile Átha Cliath \(Ár gcód ag Cosaint an Am atá Thart\) leathnach 54](#)
- Cód Tuaithe:
[https://www.nidirect.gov.uk/articles/countryside-code.](https://www.nidirect.gov.uk/articles/countryside-code)
- Na Prionsabail Gan Aon Rian a Fhágáil:
[https://www.leavenotraceireland.org/education/education-introduction/.](https://www.leavenotraceireland.org/education/education-introduction/)

Forbhreathnú ar an gCeacht

- Tá an ceacht seo deartha chun páistí a mhúineadh faoi conas is féidir lena gcuid gníomhartha fíor-dhifríocht a dhéanamh. Trí a fhoghlaim faoi na cóid agus iad a leanúint, is féidir leo cabhrú le seandálaíocht an tsléibhe a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.
- Díríonn an ceacht seo ar aire a thabhairt, ar chumhachtú agus ar cóngas idirghlúine, m.sh. an smaoineamh faoi na nglúnta éagsúla a bheith ag brath ar a chéile agus an tioncar, dearfach nó diúltach, a bheidh ar saol na ndaoine a thagann inár ndiaidh ag brath ar cad a déanfaimid anois.

Réamhrá an Cheachta

- Cuir tú féin ar an eolas faoi na cóid agus na prionsabail éagsúla.
- Péint agus páipéar ag teastáil chun póstaear bhríomhara a chruthú.

Corp Ceachta

- Déan liosta dearfach agus diúltach leis na daltaí, ag iarraidh orthu a rá cén chuma atá ar iompar dearfach sna sléibhte, m.sh. geataí a

dhúnadh i ndiaidh duit féin, agus cén iompar diúltach atá i gceist, m.sh. bruscar.

- Labhair leis na páistí faoi na cóid éagsúla.
- Sann ceann amháin de na 12 riail (Ár gcód ag Cosaint an Am atá Thart) do gach mac léinn nó lig dóibh an ceann is mó atá spéis acu ann nó a chuireann as dóibh a roghnú. Iarr ar na daltaí póstaer a chruthú faoin riail sin ag spreagadh cuairteoirí chuig na sléibhte iad féin a iompar. Nó iarr ar na daltaí litir a scríobh chuig duine samhailteach a bhris na rialacha agus iarr ar na páistí a mhíniú cén fáth go bhfuil sé mícheart agus cad a d'fhéadfadh an duine a dhéanamh ina ionad sin.
- Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh na daltaí leabhar stiallghreannán a chruthú faoi na 12 riail sa Chód ag Cosaint an Am atá Thart.